



An Bhruiséil, 14 Eanáir 2026
(OR. en)

5305/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0010 (COD)**

**ECOFIN 33
RELEX 32
FIN 32
COEST 15
CODEC 51
ECB
EIB**

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	14 Eanáir 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 22 final
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/792 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 22 final.

Faoi iamh: COM(2026) 22 final



An Bhruiséal, 14.1.2026
COM(2026) 22 final

2026/0010 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/792 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

• Forais agus cuspóirí an togra

Tá an tAontas ag leanúint de thacú go dílis leis an Úcráin, tír a bhfuil todhchaí aici laistigh den Aontas Eorpach. Tacaíonn an tAontas le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus tá sé diongbháilte ina thiomantas tacaíocht pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a chur ar fáil. I bhfianaise fhogha na Rúise atá ag dul in olcas, is gá gníomhú go tapa chun a áirithiú go mbeidh rochtain ag an Úcráin ar na hacmhainní atá de dhíth go práinneach uirthi.

Bhí tionchar an-díobhálach ag mór-ionradh na Rúise ar an Úcráin, ar cuireadh tús leis an 24 Feabhra 2022, ar an tír agus ar a saoránaigh. D'ainneoin iarrachtaí taidhleoireachta na Stát Aontaithe agus na hEorpa réiteach síochánta a bhaint amach, agus ullmhacht na hÚcráine dul i mbun idirphlé chun deireadh a chur leis an gcogadh, tá dlús curtha ag an Rúis lena hionsaithe ar an Úcráin, ag díriú d'aon ghnó ar shibhialtaigh agus ar bhonneagair chriticiúla. Ghéaraigh an géarú sin an ghéarchéim dhaonnúil a thuilleadh, bhí sé ina chúis le fulaingt ollmhór do mhuintir na hÚcráine agus d'ardaigh sé costas ollmhór daonna agus airgeadais an fhogha mhíleata gan chúis gan údar sin. Is sárú follasach ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine é an cogadh foghach neamhdhleathach atá an Rúis a chur uirthi, agus is sárú é chomh maith ar an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe, ar riail dhomhaolaithe den dlí idirnáisiúnta agus de phrionsabail eile Chairt na Náisiún Aontaithe é. Is léiriú ar a neart é an diongbháilteacht agus an misneach buanseasmhach a léirigh muintir na hÚcráine agus a dtír dhúchais á cosaint acu agus éilíonn sé meas mór.

Mar sin féin, mar gheall ar fhogha treisithe na Rúise, tá méadú tagtha ar riachtanais mhaoinithe na hÚcráine agus tá gá le hinfheistíocht phráinneach i mBonn Tionsclaíoch agus Teicneolaíoch Chosaint na hÚcráine. Is léir anois go bhfuil gá le foinsí breise maoiniúcháin ón Aontas agus ón gcomhphobal idirnáisiúnta araon. Meastar go sáróidh riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine le haghaidh 2026 agus 2027 réamh-mheastacháin atá ann cheana ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta (CAI), a gcuirtear i bhfios go láidir ina ochtú athbhreithniú ar Chlár CAI go bhfuil rioscaí agus éiginnteacht fós ar leibhéal thar a bheith ard, agus nach bhfuil ach raon feidhme teoranta ag an gclár atá ann cheana chun aon suaitheadh nua a sheasamh, lena n-áirítear ó chogadh níos faide agus níos déine. An 9 Meán Fómhair 2025 chuir an Úcráin iarraidh oifigiúil isteach ar chlár nua CAI chun riachtanais mhaoiniúcháin bhreise a chumhdach ó 2026 go 2029. Tá cumas CAI dul ar aghaidh leis an gclár seo ag brath ar dhearbhuithe leordhóthanacha maoiniúcháin a fháil ó chomhpháirtithe, lena n-áirítear an tAontas.

Sa ráiteas ón gcruinniú mullaigh a reáchtáladh an 8 Nollaig 2025, chomhaontaigh Airí Airgeadais G7 leanúint de bheith ag obair le chéile chun raon leathan roghanna maoiniúcháin a fhorbairt chun tacú leis an Úcráin, lena n-áirítear an fhéidearthacht úsáid a bhaint as luach iomlán shócmhainní na Rúise atá blocáilte i ndlínsí G7 go dtí go n-íocfaidh an Rúis as cúiteamh, chun deireadh a chur leis an gcogadh agus chun síocháin chóir mharthanach a chinntiú san Úcráin, i gcomhréir le creatáí dlíthiúla G7.

Sa chomhthéacs sin, an 18 Nollaig 2025, chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach iasacht EUR 90 billiún a sholáthar don Úcráin do na blianta 2026-2027 bunaithe ar iasachtaíocht an Aontais ar na margáí caipitil le tacaíocht ó lamháil bhuiséad an Aontais. I bhfianaise riachtanais mhaoiniúcháin na hÚcráine agus na héiginnteachta suntasaí maidir le todhchaí an chogaidh, tá sé ríthábhachtach go ndearfaí an Iasacht Tacaíochta don Úcráin ar bhealach solúbtha a fhreagraíonn don staid. Ba cheart solúbthacht a bheith ann chun an t-airgead a úsáid i dtreo na riachtanas maoiniúcháin is práinní, bíodh sin á spreagadh ag staid reatha an chogaidh nó chun tacú leis an atógáil i gcás ina dtiocfadh an tsíocháin i réim.

An cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch atá ar fáil faoin Iasacht Tacaíochta don Úcráin cuirfear ar fáil don Úcráin é i gcomhréir lena riachtanais mhaoiniúcháin. Chuige sin, déanfaidh an Úcráin Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a thíolacadh maidir lena riachtanais mhaoinithe agus lena foinsí maoiniúcháin. Tar éis don Choimisiún measúnú a dhéanamh, d'fhormheasfadh an Chomhairle an measúnú sin agus chinnfeadh sí an méid cúnamh a chuirfear ar fáil don Úcráin chun cabhrú le cur chun feidhme Straitéis na hÚcráine um Maoiniú.

Chun cúnamh buiséadach a sholáthar don Úcráin agus chun a srianta maoinithe sheachtraigh a mhaolú, cruthaítear leis an togra [le haghaidh Iasacht Tacaíochta don Úcráin] roghanna iomadúla trínar féidir na cistí a dhíriú chun tacú leis an Úcráin, sa chaoi go bhféadfaí tacaíocht a sholáthar trí chúnadh macrairgeadais agus tríd an tSaoráid don Úcráin - go sonrach trí Cholún I den tSaoráid agus Plean na hÚcráine. Leis an togra seo bunaítear na leasuithe is gá ar an Rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin chun go bhféadfar an tacaíocht sin a dhíriú trí Cholún I den tSaoráid don Úcráin. Tabharfar an Plean don Úcráin cothrom le dáta chun na méideanna breise sin a léiriú, lena n-áirítear bearta chun an smacht reachta agus an comhrac in aghaidh an éillithe a neartú.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá an tacaíocht a thugtar leis an togra seo comhsheasmhach agus comhlántach leis an tacaíocht a sholáthraítear trí Rialachán (AE) 2024/792¹, Rialachán (AE) 2021/947², Rialachán (CE) Uimh. 1257/96³, agus [AN RIALACHÁN MAIDIR LE HIASACHT TACAÍOCHTA DON ÚCRÁIN].

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá an tacaíocht a thugtar leis an tionscnamh seo comhsheasmhach le cur i bhfeidhm beart sriantach (smachtbhannaí) in aghaidh na Rúise agus tá sí comhlántach leis an tSaoráid Eorpach Síochána.

¹ Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj>).

² Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/2021-06-14>)

³ Rialachán (CE) Uimh. 1257/96 ón gComhairle an 20 Meitheamh 1996 maidir le cabhair dhaonnúil (IO L 163, 2.7.1996, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/1996/1257/2019-07-26>).

Thairis sin, an stádas mar iarrthóir a thug an Chomhairle Eorpach an 23 Meitheamh 2022 agus an cinneadh ón gComhairle Eorpach an 14-15 Nollaig 2023 tús a chur le caibidlíocht aontachais leis an Úcráin, rinne siad an Úcráin a dhaingniú go daingean ar a conair Eorpach. Is é sin an fáth a gcuirfidh freagairt iomlán an Aontais chun tacú le hathléimneacht agus téarnamh na hÚcráine – lena n-áirítear trí na leasuithe sin ar oibriú na Saoráide don Úcráin – le luathchéim phróiseas réamhaontachais na hÚcráine freisin.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACTH AGUS COMHRÉIREACTH

• Bunús dlí

Is bunús dlí iomchuí é Airteagal 212 CFAE le cláir chúnamh airgeadais arna dheonú ag an Aontas le haghaidh tríú tíortha nach tíortha forbartha iad.

• Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)

Urramaítear prionsabal na coimhdeachta mar ní féidir leis na Ballstáit freastal ina n-aonair ar an ngá le freagairt chomhchoiteann a dhéanamh maidir le tacaíocht a sholáthar don Úcráin ar scála leormhaith, agus gur fearr is féidir leis an Aontas Eorpach an méid sin a bhaint amach mar gheall ar scála agus éifeacht na tacaíochta sin. Is iad na príomhchúiseanna atá leis sin na srianta cumais fhioscaigh agus buiséadacha a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal náisiúnta agus an gá atá le deontóirí a chomhordú go láidir chun scála agus éifeachtacht na tacaíochta a uasmhéadú, agus san am céanna, an t-ualach ar acmhainn riaracháin údarais na hÚcráine, atá faoi bhrú mór sna cúinsí atá ann faoi láthair, a theorannú. Tá deis uathúil ag an Aontas cúnaimh seachtrach a chur ar fáil don Úcráin chun tacaíocht a sholáthar chun riachtanais bhuiséadacha phráinneacha a chumhdach ar bhealach intuartha, leanúnach, ordúil agus tráthúil.

• Comhréireacht

Mar thoradh ar an bhfogha leanúnach gan chúis atá á dhéanamh fós ag an Rúis, tá gá le cúnaimh airgeadais breise a dheonú don Úcráin i gcomhréir leis na cuspóirí agus na módúlachtaí a ndéantar cur síos orthu faoin togra seo.

Meastar go bhfuil an tacaíocht airgeadais atá beartaithe don Úcráin leordhóthanach ó thaobh méide de le haghaidh 2026 agus 2027, ar bhonn na riachtanas cistiúcháin ardaithe arna measúnú ag CAI agus ar na hionchais go leanfaidh deontóirí eile de thacaíocht a thabhairt don Úcráin in 2026 agus 2027, agus an éiginnteacht mhór a bhaineann le himthosca an chogaidh á cur san áireamh an tráth céanna. Ní théann an tacaíocht sin thar a bhfuil riachtanach chun na críche atá á lorg chun tacaíocht struchtúrtha a sholáthar don Úcráin agus don mhaoiniú a bhaineann léi.

Tá an togra comhréireach le scála agus tromchúis na n-easnamh a sainaitníodh, lena n-áirítear an gá atá le tacaíocht bhuiséadach a sholáthar don Úcráin agus an gá atá leis an Úcráin athchóirithe struchtúracha a chur chun feidhme ar a conair i dtreo aontachais leis an Aontas, agus aghaidh á tabhairt freisin ar na saincheisteanna sin a sainaitníodh i dtuarascáil 2025 maidir le méadú. Urramaítear leis an togra teorainneacha idirghabháil an Aontais a d'fhéadfadh a bheith ann faoi na Conarthaí.

• An rogha ionstraime

Chun an tacaíocht bhuiséadach a chuirtear ar fáil faoin [Iasacht Tacaíochta don Úcráin] tríd an tSaoráid don Úcráin a dhíriú, is gá agus is iomchuí an Rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin a leasú trí rialachán leasaitheach.

3. **TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR**

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

De réir Airteagal 40 den Rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil mheastóireachta neamhspleách eatramhach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme na Saoráide faoin 31 Nollaig 2026, agus cuirfidh sé tuarascáil mheastóireachta neamhspleách *ex post* faoina mbráid faoin 31 Nollaig 2031.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tagann an togra sna sála ar na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 18 Nollaig 2025 inar chomhaontaigh an Chomhairle Eorpach iasacht EUR 90 billiún a thabhairt don Úcráin do na blianta 2026-2027 bunaithe ar iasachtaíocht an Aontais ar na margaí caipitil le tacaíocht ó lamháil bhuiséad an Aontais. Agus an togra sin á ullmhú, chuaigh seirbhísí an Choimisiúin i gcomhairle le hinstiúidí idirnáisiúnta airgeadais agus le deontóirí déthaobhacha (lena n-áirítear na Ballstáit agus comhaltaí G7) agus iltaobhacha eile. Bíonn an Coimisiún i dteagmháil go tráthrialta freisin le húdarais na hÚcráine.

Mar gheall ar a phráinní atá sé an togra a ullmhú lena ghlacadh go tráthúil ag na comhreachtóirí agus a stádas oibríochtúil a áirithiú faoi thús 2026, níorbh fhéidir comhairliúcháin foirmiúil le páirtithe leasmhara a dhéanamh. Is é is aidhm don chur chuige sin aghaidh a thabhairt ar na riachtanais chosanta agus bhuiséadacha atá ag teacht chun cinn agus ag dul in olcas mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise.

Leanfaidh an tAontas de chumarsáid agus infheictheacht iomchuí a áirithiú maidir leis na cuspóirí agus na gníomhaíochtaí a chuirtear i gcrích laistigh de raon feidhme na Saoráide sin, san Úcráin, laistigh den Aontas agus níos faide i gcéin.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Baintear leas sa togra as na blianta fada de thaithí ar chúnamh macrairgeadais, chomh maith le taithí a fuarthas agus tacaíocht á tabhairt do ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais. Áirítear leis sin plé ar bhonn rialta ar na réamh-mheastacháin is déanaí maidir le riachtanais chistiúcháin na hÚcráine laistigh d'fhórait idirnáisiúnta, amhail G7 agus CAI, chomh maith le teagmháil dhíreach leanúnach le húdarais na hÚcráine.

- **Measúnú tionchair**

Mar gheall ar a phráinní atá an togra, atá ceaptha chun cúnaimh práinneach a sholáthar do thír atá i mbun cogaidh, ní fhéadfaí aon mheasúnú tionchair a dhéanamh. Sa mheasúnú *ex-ante* ar riachtanais a bheartaítear a chumhdach leis an tacaíocht bhreise don tSaoráid don Úcráin, baintear leas as sonraí a fuarthas le déanaí ó CAI agus ó údarais na hÚcráine.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Níl aon nasc idir an togra seo agus oiriúnacht rialála agus simpliú.

- **Ceartha bunúsacha**

Réamhchoinníoll le tacaíocht a dheonú faoin Iasacht Tacaíocht don Úcráin is ea go leanfaidh an Úcráin de sheasamh le sásraí éifeachtacha daonlathacha agus lena hinstiúidí agus d'urraim a léiriú orthu, lena n-áirítear córas parlaiminteach ilpháirtí agus an smacht reachta,

agus d'urraim a ráthú maidir le cearta an duine, lena n-áirítear cearta daoine a bhaineann le mionlaigh. Mar chuid den smacht reachta a chaomhnú agus a urramú, ba cheart an t-éilliú a chomhrac.

Is comhartha dearfach é an tiomantas don athchóiriú agus toil pholaitiúil láidir údarais na hÚcráine, faoi mar a léiríodh go háirithe nuair a dheonaigh an Chomhairle Eorpach stádas mar iarrthóir don Úcráin i mí an Mheithimh 2022 agus leis an gcinneadh ón gComhairle Eorpach i mí na Nollag 2023 caibidlíochtaí aontachais a thionscnamh leis an Úcráin, agus nuair a cuireadh i gcrích go rathúil athnuachan na coinníollachta beartais struchtúraigh a ghabhann leis na hoibríochtaí cúnaimh macrairgeadais don Úcráin a rinneadh le déanaí mar aon le cur chun feidhme leanúnach Phlean na hÚcráine. An 14 Bealtaine 2025 ghlac an tír treochláir maidir leis an smacht reachta, athchóiriú an riaracháin phoiblí agus feidhmiú na n-institiúidí daonlathacha, i measc nithe eile. Tugadh cruinnithe scagtha déthaobhacha chun críche i mí Mheán Fómhair 2025. Ó thosaigh fogha na Rúise, tá leibhéal suntasach athléimneachta léirithe ag údarais na hÚcráine agus tá siad tiomanta fós do na hathchóirithe sin a shaothrú ar bhealach trédhearcach agus oibriú de réir chaighdeáin an Aontais agus i gcomhréir le conair na tíre i dtreo comhpháirtíú Eorpach.

I bhfianaise an mhéid sin, meastar go gcomhlíontar faoi láthair an réamhchoinníoll le haghaidh na tacaíochta breise sin faoin tSaoráid. Ag an am céanna, áiritheofar comhlíonadh leanúnach an réamhchoinníll sin a thuilleadh le coinníollacha sonracha a bhaineann le measúnú an Choimisiúin ar Straitéisí na hÚcráine um Maoiniú a bheidh ann amach anseo agus roimh eisíocaíochtaí.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Tá an togra comhoiriúnach d'uasteorainneacha chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 agus d'uasteorainneacha an chinnidh maidir le hacmhainní dílse.

Beidh an [Iasacht Tacaíochta don Úcráin] i bhfoirm iasacht cúlraigh theoranta don Úcráin suas le EUR 90 billiún a bheidh le haisíoc trí chúiteamh atá dlite ag an Rúis. Cumhdófar na costais iasachtaíochta a bhaineann leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin le fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta de bhun [an Rialacháin maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin].

Tá tuilleadh sonraí maidir leis na himpleachtaí buiséadacha le fáil sa Ráiteas Airgeadais Reachtach atá i gceangal leis an [TOGRA LE hAGHAIDH IASACHT TACAÍOCHTA DON ÚCRÁIN].

5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socrúithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Tá feidhm ag forálacha sonracha maidir le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc, atá comhsheasmhach leis an Rialachán Airgeadais, i gcomhréir leis an gCreat-Chomhaontú a tugadh i gcrích faoin tSaoráid don Úcráin. Ina theannta sin, cuirfear i bhfeidhm na córais bhainistíochta agus rialaithe mar a mholtar faoi Phlean na hÚcráine arna bhunú faoi Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú bliantúil ar chur chun feidhme na gcistí arna soláthar faoin tSaoráid a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 39 de Rialachán (AE) 2024/792.

Ar deireadh, chun an t-idirphlé idir institiúidí an Aontais a fheabhsú, go háirithe idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, agus chun tuilleadh trédhearcachta agus cuntasachta a áirithiú, féadfaidh coiste inniúil Pharlaimint na hEorpa a iarraidh ar an gCoimisiún cur chun feidhme an Rialacháin seo a phlé.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Déantar foráil sa togra maidir le leasuithe spriocdhírthe ar Rialachán (AE) 2024/792 chun foráil a dhéanamh maidir le cúnaimh airgeadais agus eacnamaíoch a sholáthar don Úcráin ar bhealach intuartha leanúnach.

Chun na críche sin, déantar an méid seo a leanas leis an togra:

- Leagtar amach ann na módúlachtaí maidir le méideanna a chuirfear ar fáil de bhun [an Rialacháin maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin] atá le cur chun feidhme mar thacaíocht airgeadais bhreise de bhun Chaibidil III den tSaoráid don Úcráin i bhfoirm iasachtaí, lena n-áirítear go gcumhdófar costais iasachtaíochta a bhaineann leis an Iasacht Tacaíochta don Úcráin le fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta de bhun [an Rialacháin maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin].
- Rialaítear an teacht i bhfeidhm.

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/792 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 212 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) An 24 Feabhra 2022, d'fhógair Uachtarán Chónaidhm na Rúise oibriocht mhíleata san Úcráin, agus chuir fórsaí armtha na Rúise tús le fogha míleata gan chúis gan údar faoin Úcráin. Is sárú follasach ar iomláine chríochach, ar cheannasacht agus ar neamhspleáchas na hÚcráine é an cogadh foghach neamhdhleathach sin, agus is sárú é chomh maith ar an toirmeasc ar úsáid fornirt a chumhdaítear in Airteagal 2(4) de Chairt na Náisiún Aontaithe, ar riail dhomhaolaithe den dlí idirnáisiúnta, agus de phrionsabail eile Chairt na Náisiún Aontaithe é.
- (2) Ó cuireadh tús leis an gcogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin, cogadh atá gan chúis, gan údar, tá an tAontas, a Bhallstáit agus institiúidí airgeadais Eorpacha tar éis tacaíocht gan fasach a shlógadh d'athléimneacht eacnamaíoch, shóisialta, airgeadais agus cosanta na hÚcráine. Comhcheanglaítear leis an tacaíocht sin tacaíocht ó bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear cúnaimh eisceachtúil macrairgeadais agus tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha, arna ráthú go hiomlán nó go páirteach ag buiséad an Aontais, chomh maith le tacaíocht airgeadais bhreise ó na Ballstáit.
- (3) An 29 Feabhra 2024, le Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, bunaíodh an tSaoráid don Úcráin mar ionstraim mheántéarmach eisceachtúil lena dtugtar le chéile an tacaíocht dhéthaobhach arna soláthar ag an Aontas don Úcráin, rud lena n-áirithítear comhordú agus éifeachtúlacht. Le linn na tréimhse 2024 go 2027, cuideoidh an tSaoráid don Úcráin le haghaidh a thabhairt ar riachtanais mhaoinithe na hÚcráine agus ranncuideoidh sí lena riachtanais téarnaimh, atógála agus nuachóirithe, agus, an tráth céanna, tacóidh sí le hiarracht athchóirithe na hÚcráine mar chuid dá conair i dtreo aontachas leis an Aontas.
- (4) An XX, glacadh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin

⁴ Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj>).

le haghaidh 2026 agus 2027, rud a d'fhág go bhféadfaí tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027]⁵ i bhfoirm Iasacht Tacaíochta don Úcráin a bheidh le haisíoc trí chúiteamh atá dlite ag an Rúis.

- (5) Chun rochtain a fháil ar an Iasacht Tacaíochta don Úcráin faoi [*an Rialachán maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin 212 CFAE*], tá an Úcráin le Straitéis de chuid na Úcráine um Maoiniú a thíolacadh maidir lena riachtanais mhaoiniúcháin agus lena foinsí maoiniúcháin, straitéis a bhfuil an measúnú uirthi le formheas ag an gComhairle trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme ar bhonn togra ón gCoimisiún. Tá an cinneadh cur chun feidhme sin chun an méid cúnamh a bheidh le cur ar fáil don Úcráin chun cuidiú ó thaobh chur chun feidhme Straitéis na hÚcráine um Maoiniú a chinneadh, lena n-áirítear an méid le haghaidh cúnamh buiséadach agus an méid chun tacú le hacmhainneachtaí tionsclaíocha cosanta na hÚcráine.
- (6) Déantar foráil i gCaibidil III de Rialachán (AE) 2024/792 (Colún I den tSaoráid don Úcráin: Plean na hÚcráine) maidir le maoiniú don Úcráin a sholáthrófar ar chomhlíonadh sásúil na gcoinníollacha a leagtar síos i bPlean na hÚcráine, ina leagtar amach clár oibre athchóirithe agus infheistíochta na hÚcráine. Mar ionstraim aonair mheántéarmach eisceachtúil lena dtugtar le chéile tacaíocht dhéthaobhach arna soláthar ag an Aontas don Úcráin, lena n-áirithítear comhordú agus éifeachtúlacht, a bhfuil sé de chuspóirí aici cuidiú le cobhsaíocht mhacrairgeadais na tíre a choinneáil ar bun, rannchuidiú le téarnamh síochánta, atógáil, athbhunú agus nuachóiriú na tíre, an smacht reachta, an daonlathas, urraim do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha a neartú a thuilleadh, tacú le comhtháthú na hÚcráine sa mhargadh inmheánach, agus le glacadh agus cur chun feidhme na n-athchóirithe polaitiúla, institiúideacha, dlíthiúla, riaracháin, sóisialta agus eacnamaíocha is gá chun ailíniú le luachanna an Aontais agus chun ailíniú de réir a chéile le rialacha, caighdeáin, beartais agus cleachtais an Aontais ('*acquis*') d'fhonn ballraíocht a bhaint amach san Aontas amach anseo, i measc nithe eile, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an gcobhsaíocht fhrithpháirteach, leis an tslándáil, leis an tsíocháin, leis an rathúnas agus leis an inbhuanaitheacht, is iomchuí a fhoráil go n-úsáidfear cúnamh buiséid a eascraíonn as an [Iasacht Tacaíochta don Úcráin] tríd an tSaoráid don Úcráin. Ba cheart an Plean don Úcráin a thabhairt cothrom le dáta chun cúnamh buiséadach breise den chineál sin a léiriú, lena n-áirítear bearta chun an smacht reachta agus an comhrac in aghaidh an éillithe a neartú.
- (7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2024/792 a leasú dá réir sin.
- (8) I bhfianaise na práinne a bhaineann leis na himthosca eisceachtúla atá ann mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise gan chúis gan údar agus mar thoradh ar imeachtaí geopholaitiúla le déanaí, meastar gurb iomchuí an eisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótocal Uimh. 1 maidir le ról na bParlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a gaírt.
- (9) I bhfianaise na staide san Úcráin agus chun go bhféadfar na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo a chur i bhfeidhm go pras, ba cheart é a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

⁵ Rialachán ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 (IO..., ELI: ...

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) 2024/792

Leasaítear Rialachán (AE) 2024/792 mar a leanas:

(1) In Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Déanfar méideanna arna gcur ar fáil de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) [*an Rialachán maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin 212 CFAE*] a chur chun feidhme mar thacaíocht airgeadais bhreise de bhun Chaibidil III i bhfoirm iasachtaí agus beidh siad sa bhreis ar na méideanna dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3’.

(2) in Airteagal 22(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

‘Ar ghlacadh an chinnidh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 19(1) i leith na méideanna dá dtagraítear sa dara fhomhír d’Airteagal 6(4), déanfaidh an Coimisiún leasú ar chomhaontú iasachta leis an Úcráin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, nó cuirfidh sé aguisín leis, chun cur chun feidhme na méideanna de bhun Chaibidil III a áirithiú, cé is moite de rialacha maidir le fad agus aisíoc na hiasachta, lena n-áirítear an fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta, a rialófar le rialacha Rialachán (AE) [*an Rialachán maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin 212 CFAE*]*.

*Rialachán (AE) ... ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an... maidir le ... IO...’

(3) in Airteagal 23, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. De mhaolú ar Airteagal 223(4) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil, féadfaidh an tSaoráid costas an chistiúcháin, an costas bainistithe leachtachta, agus an costas seirbhíse a sheasamh le haghaidh forchostais riaracháin a bhaineann leis na cistí a fhaightear agus a thugtar (‘fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta’), cé is moite de chostais a bhaineann le haisíoc luath na hiasachta agus cé is moite de mhéideanna a chuirtear ar fáil de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) [*an Rialachán maidir le hIasacht Tacaíochta don Úcráin 212 CFAE*]. Le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2027, cumhdófar an fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta faoi Chaibidil V.’

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Parlaimint na hEorpa
An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán*

RÁITEAS REACHTACH AIRGEADAIS AGUS DIGITEACH

1.	LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH.....	3
1.1.	Teideal an togra/tionscnaimh	3
1.2.	Réimsí beartais lena mbaineann.....	3
1.3.	Cuspóirí.....	3
1.3.1.	Cuspóirí ginearálta	3
1.3.2.	Cuspóirí sonracha.....	3
1.3.3.	An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann.....	3
1.3.4.	Táscairí feidhmíochta.....	3
1.4.	Baineann an togra/tionscnaimh le:	4
1.5.	Foras an togra/tionscnaimh	4
1.5.1.	Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh	4
1.5.2.	Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.	4
1.5.3.	Ceachtanna a foghlaimíodh ó thaithí eile den sórt sin san am a chuaigh thart	4
1.5.4.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil agus sineirgí a d’fhéadfadh a bheith ann le hionstraimí iomchuí eile.....	5
1.5.5.	Measúnú ar na roghanna éagsúla maoinithe atá ar fáil, lena n-áirítear na féidearthachtaí athshannadh a dhéanamh.....	5
1.6.	Fad an togra/tionscnaimh agus an fad a mhairfidh an tionchar airgeadais a bheidh aige	6
1.7.	Na modhanna atá beartaithe chun an buiséad a chur chun feidhme	6
2.	BEARTA BAINISTÍOCHTA.....	8
2.1.	Rialacha faireacháin agus tuairiscithe.....	8
2.2.	Córais bainistíochta agus rialaithe	8
2.2.1.	An réasúnaíocht atá leis na modhanna cur chun feidhme buiséid atá beartaithe, leis na sásraí cur chun feidhme cistithe atá beartaithe, leis na módúlachtaí íocaíochta atá beartaithe agus leis an straitéis rialaithe atá beartaithe	8
2.2.2.	Faisnéis faoi na rioscaí a aithníodh agus na córais rialaithe inmheánacha a cuireadh ar bun chun na rioscaí a mhaolú.....	8
2.2.3.	Meastachán ar chostéifeachtacht na rialuithe agus an réasúnaíocht atá leis an gcostéifeachtacht sin (an cóimheas idir na costais rialaithe agus luach na gcistí gaolmhara arna mbainistiú), agus measúnú ar an leibhéal riosca earráide a mheastar a bheidh ann (tráth na híocaíochta agus an tráth a dhúnfar an clár)	8

2.3.	Bearta chun calaois agus neamhrialtachtaí a chosc.....	9
3.	AN TIONCHAR AIRGEADAIS A MHEASTAR A BHEIDH AG AN TOGRA/TIONSCNAMH	10
3.1.	Ceannteidil an chreata airgeadais ilbhliantúil agus na línte buiséid caiteachais ar a n-imreofar tionchar.....	10
3.2.	An tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag an togra ar leithreasuithe	12
3.2.1.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	12
3.2.1.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	12
3.2.1.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	17
3.2.2.	An t-aschur a mheastar a chisteofar ó leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí	22
3.2.3.	Achoimre ar an tionchar a mheastar a imreofar ar leithreasuithe riaracháin	24
3.2.3.1.	Leithreasuithe ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	24
3.2.3.2.	Leithreasuithe ó ioncaim shannta sheachtracha	24
3.2.3.3.	Iomlán na leithreasuithe	24
3.2.4.	Na hacmhainní daonna a mheastar a bheidh riachtanach.....	25
3.2.4.1.	Nithe arna maoiniú ón mbuiséad ar vótáladh ina fhabhar.....	25
3.2.4.2.	Nithe arna maoiniú ó ioncaim shannta sheachtracha	26
3.2.4.3.	Iomlán na n-acmhainní daonna a bheidh riachtanach	26
3.2.5.	Forléargas ar an tionchar a mheastar a imreofar ar infheistíochtaí a bhaineann le teicneolaíochtaí digiteacha	28
3.2.6.	Comhoiriúnacht don chreat airgeadais ilbhliantúil reatha	28
3.2.7.	Ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe.....	28
3.3.	An tionchar a mheastar a imreofar ar ioncam	29
4.	GNÉITHE DIGITEACHA.....	29
4.1.	Ceanglais a bhaineann le cúrsaí digiteacha.....	30
4.2.	Sonraí	30
4.3.	Réitigh dhigiteacha.....	31
4.4.	Measúnú idir-inoibritheachta	31
4.5.	Bearta chun tacú le cur chun feidhme digiteach	32

LEAGAN AMACH AN TOGRA/TIONSCNAIMH

1.1. Teideal an togra/tionscnaimh

Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Rialachán (AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin a leasú.

1.2. Réimsí beartais lena mbaineann

Caidreamh an Aontais leis an gcuid eile den domhan, tacaíocht eacnamaíoch agus airgeadais.

1.3. Cuspóirí

1.3.1. Cuspóirí ginearálta

Cúnamh airgeadais agus eacnamaíoch a chur ar fáil don Úcráin de bhun an Rialacháin maidir le hÍasacht Tacaíochta don Úcráin d'fhonn tacú leis an Úcráin a riachtanais maoiniúcháin le haghaidh 2026 agus 2027 a chumhdach, riachtanais a eascraíonn go háirithe as cogadh foghach na Rúise

1.3.2. Cuspóirí sonracha

Tacú le cobhsaíocht mhacrairgeadais san Úcráin trí iasachtaí a chur ar fáil faoi Chaibidil III den tSaoráid don Úcráin.

1.3.3. An toradh agus an tionchar a mheastar a bheidh ann

Sonraigh an tionchar a bheadh ag an togra/tionscnamh ar na tairbhíthe/grúpaí ar a bhfuil sé dírithe.

Déanfar tacaíocht airgeadais leordhóthanach leanúnach a sholáthar don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 mar fhreagairt ar an ngéarchéim atá ann faoi láthair agus ina diaidh.

1.3.4. Táscairí feidhmíochta

Sonraigh na táscairí chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn agus ar ghnóthachain.

Ceanglaítear ar údaráis na hÚcráine tuairisciú go tráthrialta ar chur chun feidhme Phlean na hÚcráine.

A mhéid a bhaineann leis an gcuspóir i ndáil le maolú na srianta ar mhaoiniú, leanfaidh seirbhísí an Choimisiúin d'fhaireachán a dhéanamh ar bhainistíocht airgeadais phoiblí, tar éis an mheasúnaithe oibríochtúil ar scagchuarda airgeadais agus nósanna imeachta riaracháin san Úcráin.

Tá sé beartaithe tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht *ex post* ar an Rialachán.

1.4. Baineann an togra/tionscnamh le:

beart nua

beart nua a leanann treoirthionscadal / réamhbheart⁶

síneadh ar bheart atá ann cheana

beart nó bearta a chumasc nó a atreorú i dtreo beart eile/beart nua

⁶ Mar a thagraítear dó in Airteagal 58(2), pointe (a) nó (b) den Rialachán Airgeadais.

1.5. Foras an togra/tionscnaimh

1.5.1. *Na ceanglais is gá a chomhlíonadh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma, lena n-áirítear amlíne mhionsonraithe maidir le cur chun feidhme céimneach an tionscnaimh*

Tá feidhm ag forálacha sonracha maidir le calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc, i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, lena n-áirítear na forálacha ábhartha maidir le leas airgeadais an Aontais a áirithiú mar a leagtar síos sa Chreat-Chomhaontú faoi Rialachán (AE) 2024/792.

1.5.2. *Breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais (tá rudaí éagsúla a bhféadfadh an breisluch sin eascairt astu, e.g. gnóthachain de thoradh comhordú, deimhneacht dhlíthiúil, breis éifeachtachta nó comhlántachtaí). Chun críocha na roinne seo, is é a chiallaíonn ‘breisluch a bhaineann le rannpháirteachas an Aontais’ an luach a thagann as idirghabháil an Aontais, ar luach breise é le cois an luacha a bheadh ann dá mbeadh na Ballstáit ag feidhmiú astu féin.*

